


| | |
|---|---|
| **Coláiste \| Aonad Bainistíochta:** | Coláiste na nEolaíochtaí Talmhaíochta agus Sláinte UCD |
| **Scoil \| Aonad:** | Scoil an Leighis Tréidliachta UCD |
| **Teideal an Phoist agus Réimse Ábhair** (más ábhartha) | Intéirneacht Rothlach Ainmhithe Beaga (x3) |
| **Tréimhse an Phoist:** | Sealadach – Bliain Amháin |
| **Bainisteoir Líne** | Príomhoifigeach nó Ainmní |
| **Grád:** | Máinlia Cónaithe |
| **Uimhir Thagartha an Chomórtais** | Curtha i gcrích ag AD |
| **Riarthóir Acmhainní Daonna** | Curtha i gcrích ag AD |
| **Costais Athlonnaithe** | 018636 |
| **Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána** | Aline Burgos |

***Achoimre ar an bPost:***

Intéirneacht Rothlach Ainmhithe Beaga atá i gceist, ina gcaithfear tréimhsí comhionanna in Ainéistéise Thréidliachta, Cúram éigeandála agus criticiúil (ICU), Máinliacht Ainmhithe Beaga agus Leigheas Ainmhithe Beaga agus mar Intéirneach ar dualgas oíche. Cuimsítear sa dualgas oíche tuairim is seachtain amháin (7 n-oíche i ndiaidh a chéile), ar róta 1 as 5. Áirítear dualgais shonracha na hintéirneach agus iad curtha chuig gach disciplín i sainchuntas poist don intéirneach i ngach réimse (féach suíomh gréasáin AD de chuid UCD). Áirítear leis na dualgais ghinearálta:

***Ospidéal Tréidliachta UCD:***

- Gnáthchásanna a chur isteach san ospidéal. Gnáthchumarsáide leis an gcliant agus leis an tréidlia atreoraithe, lena n-áirítear comhairle a thabhairt do chliaint maidir le dul ar aghaidh an cháis, cúram iar-ospidéil agus iarchúram, i gcomhar le Cliniceoirí Sinsearacha
- Cúram iomlán d'othair chónaitheacha ainmhithe beaga san ospidéal
- Dul i gcomhairle le Cliniceoirí Sinsearacha maidir le cóireáil agus cúram othar
- Othair a scaoileadh amach le comhairle agus le cógas cuí
- Freastal ar chuairteanna barda ábhartha, clubanna irise, seimineáir agus cruinnithe
- Liosta cóireála a chomhordú le hAltraí, Cónaitheoirí agus Cliniceoirí
- Freastal ar chliaint de Chlinic na Chéad Tuairime (uair sa tseachtain)
- Cabhair a thabhairt do Chliniceoirí maidir le gnáthaimh
- Taifid an ospidéil a chothabháil agus seiceáil a dhéanamh go bhfuil gach faisnéis chuí taifeadta ar bhonn laethúil, lena n-áirítear praghsáil gnáthamh
- Gnáth-ghnáthaimh dhiagnóiseacha a dhéanamh le cúnamh mac léinn agus/nó faoi mhaoirseacht foirne lena n-áirítear ainéistéise ghinearálta nuair is ábhartha
- Iarrachtaí comhbheartaithe a dhéanamh chun caidrimh mhaithe a fhorbairt agus a cothabháil le tréidlianna atreoraithe agus le cliaint, agus cabhair a thabhairt chun íomhá dhearfach den Scoil agus de UCDVH a chur chun cinn
- Drugaí agus gléasanna a choinneáil faoi choinníollacha slána mar a ordaítear le polasaithe d'Ospidéal Tréidliachta UCD, agus Clár um Dhrugaí Rialaithe a chothabháil
- Oibreoidh an intéirneach in ainéistéise ainmhithe beaga, máinliacht, leigheas inmheánach, oinceolaíocht agus san aonad dianchúraim (ICU) i rith an lae
- Beidh an intéirneach ar uainchlár maidir le dualgais tráthnóna an ospidéil (seal oíche) bunaithe ar róta comhroinnte go cothrom.

***Dualgais oíche agus ag an deireadh seachtaine:***

- Beidh an intéirneach ar uainchlár maidir le dualgais oíche ar feadh seachtaine (7 n-oíche i ndiaidh a chéile)
- Bainisteoidh an intéirneach ar dualgas tráthnóna / oíche gach gnáthchás agus gach cás dianchúraim d'othair ainmhithe beaga san ospidéal, agus beidh rochtain acu ar chónaitheoirí cúltaca (leigheas ainmhithe beaga, máinliacht ainmhithe beaga, ainéistéise, íomháú diagnóiseach) agus ar chliniceoirí sinsearacha ar mhaithe le comhairle agus cuidiú más gá
- Measfar go ndéanfaidh intéirnigh maoirseacht ar mhic léinn tréidliachta agus ar mhic léinn altranais tréidliachta san ospidéal i rith na sealanna tráthnóna agus oíche
- Tabharfaidh an intéirneach oíche aistriú mionsonraithe don fhoireann lae sula scoireann siad dá ndualgais
- Beidh an intéirneach ar uainchlár maidir le dualgais i gcaitheamh an lae ar an deireadh seachtaine, 1 deireadh seachtaine as 5 (i.e. obair i gcaitheamh an lae ar an Satharn agus ar an Domhnach). Glacadh le haistrithe cásanna ón gclinic éigeandála i gcomhairle leis an gcónaitheoir ar glao-dhualgas
- Ní féidir le hintéirnigh saoire a ghlacadh ach i rith seachtainí nach bhfuil siad sceidealaithe do sheal na hoíche amháin
- Ní féidir saoire a ghlacadh i rith tréimhsí a bhfuil an intéirneach ar uainchlár maidir le seal na hoíche

***Mic léinn Tréidliachta ar Rothluithe i ndisciplíní éagsúla agus dualgais tráthnóna agus oíche:***

- Cásanna a shannadh do mhic léinn de réir mar is gá
- Cásanna a phlé le mic léinn, i gclinicí agus i ranganna teagaisc de réir mar a sceidealaítear iad, lena n-áirítear freagrachtaí cóireála a eagrú
- Maoirseacht a dhéanamh ar mhic léinn agus cabhair a thabhairt dóibh le linn a rothluithe cliniciúla
- Cabhrú le measúnú a dhéanamh ar mhic léinn tréidliachta agus ar mhic léinn altranais tréidliachta ar rothlú

**Tuarastal: 95 House Surgeon_2010 (5212_X) €33,576**

Déanfar an ceapachán ar scála agus i gcomhréir le treoirlínte na Roinne Airgeadais.

Tá sonraí maidir le hincháilitheacht chun dul san iomaíocht agus faisnéis pinsin ar fáil ag

https://www.ucd.ie/hr/resourcing/eligibilitytocompete/

Tá UCD tiomanta do thimpeallacht chuimsitheach a chruthú ina ndéantar ceiliúradh ar éagsúlacht agus ina dtugtar comhionannas deiseanna do chách. Fáiltímid roimh iarratais ó chách, lena n-áirítear iad siúd a shamhlaíonn iad féin le haon cheann de na tréithe cosanta atá leagtha amach inár mbeartas um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú. Tuilleadh eolais faoin Éagsúlacht ag https://www.ucd.ie/workatucd/diversity/

Soláthrófar socruithe réasúnacha d'aon iarrthóir le linn an phróisis agallaimh a nochtann go bhfuil míchumas orthu nó go bhfuil siad néara-éagsúil.

**Critéir Roghnúcháin**

Tugtar achoimre sna critéir roghnúcháin ar na cáilíochtaí, na scileanna, an t-eolas agus/nó an taithí a bheadh le léiriú ag an iarrthóir a n-éireoidh leis nó léi ar mhaithe le dualgais an phoist a chomhlíonadh. Déanfar iarratais a mheasúnú bunaithe ar a mhéid a shásaíonn na hiarrthóirí na critéir sin.

Éigeantach:

- Céim Thréidliachta gur féidir a chlárú le Comhairle Tréidliachta na hÉireann (http://www.vci.ie)
- Cumasach sa Bhéarla– scór bandála foriomlán IELTS de 7 (nó os a gcionn sin) nó chomhionann (riachtanais cláraithe de chuid VCI): https://www.vci.ie/Register-with-VCI/Registration-Requirement
- Suim i Leigheas Ainmhithe Beaga, Máinliacht Ainmhithe Beaga, Oinceolaíocht, Ainéistéise agus Cúram Criticiúil
- Sárscileanna cumarsáide agus idirphearsanta
- An cumas oibriú go héifeachtach mar bhall foirne
- Ardleibhéal gairmiúlachta
- Suim i múineadh fochéime
- An dóthain taithí chun cúram éifeachtach iar-ama a sholáthar d'othair san ospidéal

Inmhianaithe:

- Scileanna ríomhaireachta maithe agus mioneolas ar fhoireann Microsoft Office, ar r-phost agus ar an idirlíon.
- Bliain amháin de thaithí chliniciúil ar a laghad i ndiaidh céim a bhaint amach ach is féidir go measfar céimithe nua eisceachtúla freisin.
- Taithí ar mhúineadh fóchéime
- Suim i dtaighde cliniciúil.

## Eolas Breise:

| | |
|---|---|
| An Ollscoil: | https://www.ucd.ie/ |
| Straitéis UCD 2020-2024:<br>Réidh don Todchaí | https://strategy.ucd.ie/ |
| An Coláiste/Aonad Bainistíochta: | https://www.ucd.ie/chas/ |
| Scoil/ Oifig an Chláir/ an Aonaid: | www.ucd.ie/vetmed<br>http://www.ucd.ie/vthweb/ |
| Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú ag UCD | https://www.ucd.ie/workatucd/diversity/ |

**Fiosrúcháin Neamhfhoirmeálta AMHÁIN chuig:**

| | |
|---|---|
| Ainm: | **Dr Carles Blasi Brugué** |
| Teideal: | Ollamh Cúnta/Léachtóir i Leigheas Inmheánach Ainmhithe Beaga |
| Seoladh ríomhphoist: | carles.blasi@ucd.ie |
| Fón: | Ní bhaineann |

## Coinníollacha sonracha don phost seo (más ann dóibh):

- Ní mór don té a cheapfar céim sa tréidliacht a fháil gur féidir a chlárú le Comhairle Tréidliachta na hÉireann (ceadaítear clárú teoranta in imthosca áirithe)
- Ní mór don té a cheapfar, taithí leordhóthanach a bheith acu chun bheith in ann cúram iar-ama a sholáthar do réimse othar atá ina n-ainmhithe beaga, othair dhianchúraim san áireamh.
- **Is é dáta tosaigh an róil seo an 29 Meán Fómhair 2025**
- **Mairfidh an conradh ar feadh bliana (53 seachtain), agus críochnaíonn an post ar an 5 Deireadh Fómhair 2026**
- Níl aon liúntas comhdhála nó oiliúna ar leith ag baint leis an bpost seo